BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Treoir 2006/123/CE – Airteagal 25(1) – Srianta ar ghníomhaíochtaí idirdhisciplíneacha – Gairm rialaithe – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, mar riail ghinearálta, do neamhréireacht fheidhmiú comhpháirteach ghníomhaíocht na bróicéireachta maoine agus ghníomhaíocht an bhainisteora maoine – Ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta – Comhréireacht an tsriain – Iarmhairtí a bhaineann le clabhsúr a chur le nós imeachta um shárú arna dtionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Ballstáit)

I gCás C-242/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), trí bhreith an 11 Aibreán 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 18 Aibreán 2023, sna himeachtaí

Tecno*37

v

Ministero dello Sviluppo Economico,

Camera di Commercio Industria Artigianato e Agricoltura di Bologna,

idiragraí:

FIMAA – Federazione Italiana Mediatori Agenti D'Affari,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra)

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, L. Bay Larsen (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán na Cúirte, T. von Danwitz, A. Kumin agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 9 Aibreán 2024,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Tecno*37, ag A. Reggio D'Aci, avvocato,

– Camera di Commercio Industria Artigianato e Agricoltura di Bologna, ag C. Carpani, avvocato,

– FIMAA- Federazione Italiana Mediatori Agenti D'Affari, ag G. Passalacqua, avvocato,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó F. Varrone, avvocato dello Stato,

– Rialtas na Seice, ag M. Smolek, T. Suchá agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Éire, ag M. Browne, an Príomh-Aturnae Stáit, A. Joyce agus M. Tierney, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó I. Boyle Harper, Abhcóide,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus M. Guiresse, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag L. Armati, M. Mataija agus P. A. Messina, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 13 Meitheamh 2024,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 49 CFAE, ar Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36), agus ar Airteagal 59(3) de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO 2005 L 255, lch. 22) arna leasú le Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 (IO 2013 L 354, lch. 132) ('Treoir 2005/36').

2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir Tecno*37, cuideachta atá bunaithe san Iodáil, ar thaobh amháin, agus Ministero dello Sviluppo economico (an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, an Iodáil) agus Camera di Commercio Industria Artigianato e Agricoltura di Bologna (Comhlachas Tráchtála, Tionscail, Ceardaíochta agus Talmhaíochta Bologna, an Iodáil; 'CCIAA'), ar an taobh eile, a bhaineann leis an toirmeasc ginearálta ar fheidhmiú comhpháirteach ghníomhaíocht na bróicéireachta maoine agus na bainistíochta maoine a fhorchuirtear ar an gcuideachta sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2005/36

3 Foráiltear an méid seo a leanas sa chéad mhír d'Airteagal 1 de Threoir 2005/36:

'Leis an Treoir seo leagtar síos rialacha faoina dtabharfaidh Ballstát rochtain ar ghairm rialáilte nó saothrú gairm rialáilte ina chríoch de réir cáilíochtaí gairmiúla sonracha [...] a bheith i seilbh duine, tabharfaidh an Ballstát sin aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla a fhaightear i mBallstát amháin nó níos mó [...] agus a ligeann do shealbhóir na gcáilíochtaí sin an ghairm chéanna a shaothrú ansin, le haghaidh rochtain ar an ngairm sin agus shaothrú na gairme sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear an méid seo a leanas sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1) den Treoir:

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach náisiúnach i mBallstát ar mian leis tabhairt faoi ghairm rialáilte i mBallstát, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le saorghairmeacha, seachas an ghairm sin inar bhain siad amach a gcáilíochtaí gairmiúla, bíodh sé sin ar bhonn féinfhostaithe nó ar bhonn fostaithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 4(1) den Treoir sin, dar teideal 'An tionchar a bheidh ag an aitheantas', mar seo a leanas:

'Nuair a thugann an Ballstát óstach aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla beidh deis ag tairbhithe rochtain a fháil sa Bhallstát sin ar an ngairm chéanna dá bhfuil siad cáilithe sa Bhallstát baile agus í a shaothrú sa Bhallstát óstach faoi na coinníollacha céanna a bhaineann lena náisiúnaigh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 59(3) den Treoir sin:

'Scrúdóidh na Ballstáit cibé acu an bhfuil na ceanglais faoin gcóras dlíthiúil lena gcuirtear srian ar ghairm nó ar a saothrú do dhaoine a bhfuil cáilíocht ghairmiúil shonrach acu nó nach bhfuil, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as teidil ghairmiúla agus na gníomhaíochtaí gairmiúla a cheadaítear faoi theideal den sórt sin, dá dtagraítear san Airteagal seo mar "cheanglais" comhoiriúnach leis na prionsabail seo a leanas:

(a) ní bheidh na ceanglais idirdhealaitheach go díreach ná go hindíreach ar bhonn náisiúntachta nó cónaitheachta;

(b) ní mór bonn cirt a thabhairt do cheanglais le cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí;

(c) ní mór do na ceanglais a bheith oiriúnach chun an cuspóir a shaothraítear a bhaint amach agus ní rachaidh siad thar an rud a bhfuil gá leis chun an cuspóir sin a bhaint amach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2006/123

7 Leagtar an méid seo a leanas amach in Aithrisí 2, 5, 7 agus 101 de Threoir 2006/123:

‘(2) Tá sé ríthábhachtach margadh iomaíoch i seirbhísí a bheith ann chun dlús a chur le fás eacnamaíoch agus poist a chruthú san Aontas Eorpach. [...] I saormhargadh ina gcuirtear iallach ar na Ballstáit deireadh a chur le srianta ar sholáthar trasteorann seirbhísí agus cur le trédhearcacht agus faisnéis do thomhaltóirí an tráth céanna, bheadh rogha ní ba leithne ag tomhaltóirí agus bheadh seirbhísí níos fearr ann dóibh ar phraghsanna ní b’ísle.

[...]

(5) Is gá, dá bhrí sin, fáil réidh le bacainní ar an tsaoirse bunaíochta do sholáthraithe sna Ballstáit agus le bacainní ar shaorghluaiseacht seirbhísí idir na Ballstáit agus a ráthú d’fhaighteoirí agus soláthraithe an deimhneacht dhlíthiúil is gá chun an dá shaoirse bhunúsacha sin atá sa Chonradh a fheidhmiú go praiticiúil. Ós rud é go ndéanann na bacainní sa mhargadh inmheánach atá ar sheirbhísí difear d’oibreoirí ar mian leo a bheith bunaithe i mBallstáit eile chomh maith leis na hoibreoirí a sholáthraíonn seirbhís i mBallstát eile gan a bheith bunaithe ann, is gá a chur ar a gcumas do sholáthraithe a gcuid gníomhaíochtaí seirbhíse a fhorbairt laistigh den mhargadh inmheánach trí bhunú i mBallstát nó trí leas a bhaint as saorghluaiseacht seirbhísí. Ba cheart do sholáthraithe a bheith in ann rogha a dhéanamh idir an dá shaoirse sin, ag brath ar an straitéis atá acu le haghaidh fás i ngach Ballstát.

[...]

(7) Bunaítear leis an Treoir seo creat dlíthiúil ginearálta a rachaidh chun tairbhe raon leathan seirbhísí, agus gnéithe sainiúla gach cineál gníomhaíochta nó gairme agus a gcórais rialaithe á gcur san áireamh. [...]

[...]

(101) Is gá a áirithiú gur féidir le soláthraithe seirbhísí ildisciplíneacha a thairiscint agus go mbeidh srianta i dtaca leis sin teoranta don mhéid atá riachtanach chun neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus ionracas na ngairmeacha rialáilte a áirithiú, agus is ar mhaithe le faighteoirí, go háirithe tomhaltóirí, é sin. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Ábhar agus cuspóirí’:

‘Bunaítear leis an Treoir seo forálacha ginearálta chun feidhmiú na saoirse bunaíochta do sholáthraithe seirbhíse agus saorghluaiseacht seirbhísí a éascú, agus ardcháilíocht seirbhísí á coimeád ar bun.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 25(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Gníomhaíochtaí idirdhisciplíneacha’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear soláthraithe faoi réir ceanglais lena gcuirfear d’oibleagáid orthu gníomhaíocht shonrach áirithe a fheidhmiú go heisiach nó lena gcuirfear srian ar fheidhmiú na gníomhaíochta in éineacht le gníomhaíochtaí difriúla nó i gcomhpháirtíocht le gníomhaíochtaí difriúla.

Féadfar na soláthraithe seo a leanas a chur faoi réir na gceanglas sin, áfach:

(a) na gairmeacha rialáilte, a mhéid a bhfuil údar ann chun a ráthú go gcomhlíonfar na rialacha lena rialaítear eitic ghairmiúil agus iompar gairmiúil, ar rialacha éagsúla iad ag brath ar chineál sainiúil gach gairme, agus is gá chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú;

(b) soláthraithe deimhniúcháin, creidiúnaithe, monatóireachta teicniúla, seirbhísí tástála nó trialach, a mhéid a bhfuil údar leis chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

10 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 5(3) agus (3bis) legge n. 39 – Modifiche ed integrazioni alla legge 21 marzo 1958, n. 253, concernente la disciplina della professione di mediatore (Dlí Uimh. 39 lena leasaítear agus lena bhforlíontar Dlí Uimh. 253 an 21 Márta 1958 maidir leis na rialacha lena rialaítear gairm an bhróicéara), an 3 Feabhra 1989 (GURI Uimh. 33, an 9 Feabhra 1989, ‘Dlí Uimh. 39/89 ‘):

‘(3) Beidh saothrú na gníomhaíochta bróicéireachta maoine neamh-chomhoiriúnach le saothrú gníomhaíochtaí fiontraíochta a bhaineann le táirgeadh, díol, ionadaíocht, nó cur chun cinn earraí san earnáil táirgí chéanna ina ndéantar an ghníomhaíocht bhróicéireachta, chomh maith le haon ghníomhaíocht a shaothraítear mar fhostaí de chuid comhlachta phoiblí nó phríobháidigh nó mar chomhlach de ghnóthais a thairgeann na seirbhísí airgeadais a leagtar amach in Airteagal 4 d’Fhoraithne Reachtach Uimh. 59 an 26 Márta 2010, nó le saothrú gairmeacha intleachtúla san earnáil táirgí chéanna ina ndéantar an ghníomhaíocht bhróicéireachta agus, in aon chás, i gcás coinbhleacht leasa.

(3-*bis*.) De mhaolú ar fhorálacha mhír 3, beidh saothrú ghníomhaíocht an ghníomhaire eastáit comhoiriúnach le gníomhaíocht fostaí nó comhlaigh gnóthas a sheolann gníomhaíocht idirghabhálaí creidmheasa a rialaítear le hAirteagal 128sexies et seq. den Dlí Comhdhlúite maidir le Baincéireacht agus Creidmheas, de réir bhrí Fhoraithne Reachtach Uimh. 385 an 1 Meán Fómhair 1993. Leanfaidh saothrú ghníomhaíocht an idirghabhálaí creidmheasa de bheith faoi réir rialacháin earnála sonracha agus rialuithe gaolmhara.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 Is trádálaí aonair é Tecno*37 a shaothraíonn gníomhaíochtaí na bainistíochta maoine agus na bróicéireachta maoine i gcomhpháirt, i gcáil gníomhaire eastáit.

12 An 17 Márta 2020, d'iarr an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, de thoradh ar ghearáin, ar CCIAA a fhíorú an raibh neamh-chomhoiriúnacht fhéideartha nó coinbhleacht leasa ann mar gheall ar ghníomhaíochtaí an bhróicéara maoine agus an bhainisteora maoine a bheith á saothrú ag Tecno*37 in éineacht le chéile.

13 Tar éis dó a chinneadh go raibh Tecno*37 freagrach, ón 1 Eanáir 1988, i gcomhthéacs gníomhaíocht de chineál fiontraíochta a fheidhmiú, as maoin a riaradh agus a bhainistiú, agus, ón 1 Iúil 1988, go raibh sé ag gabháil, an tráth céanna, do ghníomhaíocht na bróicéireachta maoine, mheas CCIAA gurbh ionann an imthoisc sin agus staid neamhréireachta chun críocha Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89.

14 Dá bhrí sin, chinn CCIAA Tecno*37 a chlárú i gclár eacnamaíoch agus riaracháin na ngníomhairí bainistíochta maoine agus chuir sé cosc ar Tecno*37 gníomhaíocht bróicéireachta maoine a dhéanamh.

15 Thug Tecno*37 caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Tribunale Amministrativo Regionale per l'Emilia-Romagna (Cúirt Réigiúnach Riaracháin, Emilia-Romagna, an Iodáil), a díbheadh ar an bhforas go bhféadfaí na foirgnimh a bhainistítear i gcomhthéacs ghníomhaíocht an bhainisteora maoine a chur i mbaol míchuí i gcomparáid leo siúd atá ar fáil ar an margadh, agus iarmhairtí aige sin maidir leis an neamhchlaontacht ba cheart do bhróicéir maoine a léiriú.

16 Rinne Tecno*37 achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), an chúirt a rinne an tarchur, ag áitiú go háirithe gur sháraigh an toirmeasc ar shaothrú comhcheangailte na ngníomhaíochtaí atá i gceist dlí an Aontais.

17 Go háirithe, cuirtear Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 i bhfeidhm ar bhealach ginearálta agus teibí agus mar thoradh air sin go gcinntear i gcónaí go bhfuil gníomhaíocht na bróicéireachta maoine ar neamhréir le gníomhaíocht na bainistíochta maoine agus go gcoisctear leis aon mheasúnú cás ar chás ar an riosca coinbhleachta leasa ós rud é go bhfuil an neamhréireacht sin contrártha le cásdlí na Cúirte Breithiúnais.

18 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur thionscain an Coimisiún Eorpach, an 19 Iúil 2018, nós imeachta um shárú (INFR(2018)2175) i gcoinne Phoblacht na hIodáile maidir le comhréireacht Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 le dlí an Aontais.

19 Sa nós imeachta sin, cháin an Coimisiún Poblacht na hIodáile as an sárú – trí roinnt forálacha de dhlí na hIodáile, lena n-áirítear Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 – ar Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123, Airteagal 59(3) de Threoir 2005/36 agus Airteagal 49 CFAE, sa mhéid is go bhforáiltear leis an bhforáil náisiúnta sin do neamh-chomhoiriúnacht iomlán idir, ar thaobh amháin, feidhmiú ghníomhaíocht na bróicéireachta maoine agus, ar an taobh eile, aon fhostaíocht phoiblí nó phríobháideach agus aon ghníomhaíocht fiontraíochta nó ghairmiúil eile a dhéantar mar dhuine féinfhostaithe nó mar fhiontraí.

20 Sonraíonn an chúirt sin gur leasaigh údaráis na hIodáile an fhoráil sin roinnt uaireanta, agus iad ag aithint go bhféadfadh éifeachtaí díréireacha a bheith ag Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89.

21 Tugann an chúirt sin dá haire, dá bhrí sin, gur chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta um shárú an 29 Meán Fómhair 2022 ós rud é nach bhforáiltear a thuilleadh le hAirteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 do thoirmeasc iomlán ar fheidhmiú gníomhaíochtaí ildisciplíneacha in éineacht le chéile.

22 I ndáil leis sin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur faoi iarmhairtí dúnta den sórt sin maidir le comhsheasmhacht Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 le dlí an Aontais, sa leagan a eascraíonn as an leasú a glacadh mar fhreagairt ar an nós imeachta um shárú.

23 Ina theannta sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, i gcás ina bhfeidhmíonn bróicéir maoine gníomhaíocht an bhainisteora maoine i gcomhpháirt, go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh dá neamhchlaontacht. Go deimhin, d'fhéadfadh ceannaitheoirí féideartha a threorú i dtreo na réadmhaoine atá á bainistiú aige nó aici, ar chostas táirgí inchomparáide eile nach bhfuil a mbainistiú aige nó aici.

24 Ar an dara dul síos, measann an chúirt sin gurb é is cuspóir d'Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 cosaint tomhaltóirí a ráthú, sa mhéid go n-áirithítear leis an bhforáil sin go seachnaítear gach coinbhleacht leasa.

25 Mar sin féin, chun an díospóid a tugadh os comhair na cúirte sin a réiteach, tá amhras ann fós an bhfuil na srianta dá bhforáiltear sa reachtaíocht sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

26 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a fháil:

'(1) An gá a mheas go bhfuil Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89, de réir na foclaíochta nua tar éis imeacht um shárú Uimh. 2018/2175, go hiomlán comhsheasmhach le dlí [an Aontais], go háirithe i bhfianaise clabhsúr imeachta um shárú féin?

(2) An gcuirtear cosc le prionsabail agus cuspóirí Airteagal 59(3) de Threoir [2005/36] agus le hAirteagal 25(1) de Threoir [2006/123] agus, ar bhonn níos ginearálta, le hAirteagal 49 CFAE, ar reachtaíocht amhail an reachtaíocht de chuid na hIodáile in Airteagal 5(3) de Dhlí [Uimh. 39/89], lena bhforáiltear, mar riail choisctheach agus ghinearálta, neamh-chomhoiriúnacht idir gníomhaíocht bróicéireachta maoine agus gníomhaíocht bainistíochta maoine toisc go ndéantar an dá ghníomhaíocht ach amháin ar bhonn feidhmiú comhpháirteach, agus dá bhrí sin, gan an gá ann go ndéanfadh na Comhlachais Tráchtála aon fhíorú *ex post* ar bhonn cás-ar-chás cineál na bróicéireachta a rinneadh, gan é sin a bheith bunaithe ar bhonn "cúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail" arna sainaithint agus arna bunú go sonrach nó in aon chás gan cruthúnas ar chomhréireacht na neamh-chomhoiriúnachta ginearálta atá beartaithe leis an aidhm atá á saothrú?

(3) An féidir leis an ngníomhaire maoine in aon chás gníomhú freisin mar bhainisteoir réadmhaoine freisin, ar choinníoll nach ndéanann sé nó sí iarracht an mhaoin a bhainistíonn sé nó sí a dhíol nó a cheannach ó tharla coinbhleacht leasa a bheith ann sa chás seo?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

27 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt

Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile (breithiúnas an 16 Bealtaine 2024, *Toplofikatsia Sofia (Coincheap sainchónaí an chosantóra)*, C-222/23, EU:C:2024:405, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Sna himthosca sin, ní mór an chéad cheist a tharchuirtear a athfhoirmliú agus ní mór a mheas, leis an gceist sin, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 258 CFAE a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé go bhfuil an reachtaíocht náisiúnta ab ábhar don nós imeachta sin i gcomhréir le dlí an Aontais mar thoradh ar dhúnadh nós imeachta um shárú ag an gCoimisiún i gcoinne Ballstáit.

29 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, gurb ionann cinneadh an Choimisiúin nós imeachta um shárú a thionscnamh, nó gan é a thionscnamh, agus lánrogha atá aige a fheidhmiú, rud nach bhfuil le hathbhreithniú ag an gCúirt (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún* v *an Rómáin (Sciúradh airgid a chomhrac)*, C-549/18, EU:C:2020:563, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear). I bhfianaise ról an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí, is í an institiúid sin amháin atá inniúil ar chinneadh a dhéanamh an iomchuí tús a chur le nós imeachta um shárú. Ina theannta sin, tá sí inniúil ina haonar chun a chinneadh an iomchuí leanúint den nós imeachta réamhdhlíthíochta trí thuairim réasúnaithe a thabhairt, díreach mar atá sé de chumhacht aici, ach ní de dhualgas uirthi, ar an nós imeachta sin a chur i gcrích, caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais chun a dhearbhú gur mhainnigh an Ballstát lena mbaineann a oibleagáidí mar a líomhnaítear a chomhlíonadh (breithiúnas an 16 Iúil 2015, *an Coimisiún* v *an Bhulgáir*, C-145/14, EU:C:2015:502, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Dá bhrí sin, is saintréith í an lánrogha sin de ghlacadh an chinnidh ag an gCoimisiún nós imeachta den sórt sin a dhúnadh.

31 I bhfianaise na lánrogha sin, ní féidir leis an gcinneadh leanúint le nós imeachta um shárú nó clabhsúr a chur leis a bheith cinntitheach chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais.

32 I bhfianaise na lánrogha sin, ní féidir leis an gcinneadh chun nós imeachta um shárú a shaothrú nó a dhúnadh a bheith cinntitheach chun a chinneadh an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta comhsheasmhach le dlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Márta 2003, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-135/01, EU:C:2003:171, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear). Faoi Airteagal 260(1) CFAE, is ag an gCúirt Bhreithiúnais amháin atá an dlínse chun a chinneadh gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.

33 Ag féachaint don mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 258 CFAE a léiriú sa chaoi nach ionann dúnadh nós imeachta sáraithe ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Ballstáit agus an reachtaíocht náisiúnta ab ábhar don nós imeachta sáraithe sin a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais.

An dara agus an tríú ceist

34 Lena dara ceist agus lena tríú ceist, ar cuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 49 CFAE, Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123 agus Airteagal 59(3) de Threoir 2005/36 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, mar riail ghinearálta, go bhfuil gníomhaíocht na bróicéireachta maoine agus gníomhaíocht na bainistíochta réadmhaoine neamh-chomhoiriúnach lena chéile.

Inghlacthacht

35 Maidir le, ar an gcéad dul síos, ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur maidir le léiriú ar Airteagal 49 CFAE, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil feidhm ag forálacha Chonradh FAE maidir leis an tsaoirse bunaíochta, i bprionsabal, maidir le cás atá teoranta ar gach bealach laistigh de Bhallstát aonair (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2022, *Thelen Technopark Berlin*, C-261/20, EU:C:2022:33, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, ar cheist a tharchuir cúirt náisiúnta chuici maidir le cás atá teoranta ar gach bealach laistigh d'aon Bhallstát amháin, a mheas, i gcás nach dtugann an chúirt a rinne an tarchur aon léiriú chuige sin, go bhfuil gá le hiarraidh ar réamhrialú maidir le léirmhíniú ar fhorálacha Chonradh FAE a bhaineann leis na saoirsí bunúsacha chun an díospóid atá ar feitheamh os comhair na cúirte sin a réiteach. Ní mór na tosca sonracha lena gceadaítear nasc a bhunú idir ábhar nó imthosca díospóide atá teoranta ar gach bealach laistigh den Bhallstát lena mbaineann agus Airteagal 49 CFAE a bheith soiléir ón ordú tarchuir (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2022, *Thelen Technopark Berlin*, C-261/20, EU:C:2022:33, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Dá bhrí sin, i gcás atá teoranta ar gach bealach laistigh de Bhallstát amháin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chur in iúl don Chúirt Bhreithiúnais, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, cén nasc atá ag an díospóid atá os a comhair, in ainneoin gur díospóid intíre amháin í, leis na forálacha de dhlí an Aontais a bhaineann leis na saoirsí bunúsacha a fhágann go bhfuil gá leis an réamhrialú maidir le léirmhíniú na bhforálacha sin chun an díospóid sin a réiteach (breithiúnas an 18 Eanáir 2022, *Thelen Technopark Berlin*, C-261/20, EU:C:2022:33, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Mar is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais, tá gnéithe atá teoranta laistigh den Iodáil mar shaintréith den díospóid sna príomhimeachtaí. Ina theannta sin, ní luann an chúirt a rinne an tarchur, in ainneoin gur díospóid intíre amháin í, go bhfuil nascfhachtóir ag an díospóid atá ar feitheamh os comhair na cúirte sin le hAirteagal 49 CFAE a d'fhágfadh go mbeadh gá leis an réamhrialú a iarradh maidir le léirmhíniú chun an díospóid sin a réiteach.

39 Dá bhrí sin, tá an dara agus an tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha a mhéid a lorgaíonn siad léiriú ar Airteagal 49 CFAE.

40 Ar an dara dul síos, maidir leis an léirmhíniú atá á lorg ar Airteagal 59(3) de Threoir 2005/36, is léir ón bhforáil sin go scrúdaíonn na Ballstáit an bhfuil ceanglais faoina gcóras dlí lena gcuirtear srian, *inter alia*, ar ghairm a shaothrú do shealbhóirí cáilíochta gairmiúla sonraí – lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as teidil ghairmiúla agus na gníomhaíochtaí gairmiúla a cheadaítear faoi theideal den sórt sin – idirdhealaitheach go díreach nó go hindíreach ar bhonn náisiúntachta nó cónaithe, an bhfuil údar leo ar chúiseanna sáraitheacha leasa ghinearálta agus an bhfuil siad oiriúnach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus nach dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

41 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar a leanann as Airteagal 2(1) den Treoir sin, go bhfuil feidhm aige maidir le gach náisiúnach de Bhallstát ar mian leo gairm rialáilte a shaothrú i mBallstát, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na saorghairmeacha, seachas an ceann inar bhain siad a gcáilíochtaí gairmiúla amach.

42 Thairis sin, chinn an Chúirt cheana féin gur léir ó Airteagail 1 agus 4 den Treoir sin gurb é cuspóir bunúsach an aitheantais fhrithpháirtigh cead a thabhairt do shealbhóir cáilíochta gairmiúla lena dtugtar rochtain ar ghairm rialáilte i mBallstát baile an tsealbhóra rochtain a fháil, sa Bhallstát óstach, ar an ngairm chéanna lena bhfuil sé cáilithe sa Bhallstát baile, agus an ghairm sin a chleachtadh sa Bhallstát óstach faoi na coinníollacha céanna lena náisiúnaigh féin (breithiúnas an 8 Iúil 2021, *Lietuvos Respublikos sveikatos apsaugos ministerija*, C-166/20, EU:C:2021:554, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Sa chás seo, níl aon díospóid ann nach mbaineann an cás seo le haitheantas a thabhairt do cháilíocht ghairmiúil a bronnadh i mBallstát seachas an Iodáil.

44 Sna himthosca sin, tá an dara agus an tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha freisin a mhéid a lorgaíonn siad léiriú ar Airteagal 59(3) de Threoir 2005/36.

45 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go maíonn Éire go bhfuil an tríú ceist do-ghlactha a mhéid a fhéachann sí le tuairim chomhairleach a fháil ón gCúirt Bhreithiúnais ar bhonn buntuiscintí fíorasacha nach bhfreagraíonn do bhuntuiscintí na díospóide sna príomhimeachtaí.

46 Go háirithe, maíonn Éire, cé go dtagraíonn an tríú ceist do ghníomhaíocht gníomhaire eastáit, go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le gníomhaíocht an bhróicéara maoine, idirdhealú nach léir ón ordú tarchuir.

47 Ina theannta sin, measann an Ballstát sin go bhfuil an tríú ceist bunaithe ar an toimhde mhícheart gur ghá go dtiocfadh coinbhleacht leasa chun cinn dá mbeadh gníomhaire eastáit i mbun maoin a cheannach nó a dhíol a bhainistíonn sé nó sí mar bhainisteoir réadmhaoine úinéireachta comhroinnte agus, dá bhrí sin, mar a ceapadh í, go sáraíonn an tríú ceist raon feidhme na saincheisteanna a thagann chun cinn sna príomhimeachtaí.

48 Ba cheart a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, go mbaineann toimhde ábharthachta le ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs reachtach agus fíorasach ar faoin gcúirt sin atá sé a shainiú, agus nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé cruinneas a fhíorú. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú do rialú a dhéanamh ar a leithéid de cheist ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag léiriú ar riail dhlí an Aontais a iarrtar le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí nó más fadhb de chineál hipitéiseach í (breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, *Asociația ‘Forumul Judecătorilor din România’ (Comhlachais giúistísí)*, C-53/23, EU:C:2024:388, mír 21 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ina hiarraidh ar réamhrialú, go ndéanann an chúirt a rinne an tarchur tagairt shainráite d’fheidhmiú comhuaineach ghníomhaíocht an ghníomhaire eastáit agus na bainistíochta maoine, gan tagairt a dhéanamh do ghníomhaíocht na bróicéireachta maoine.

50 Maidir leis na breithnithe a bhaineann leis an mbaol go mbeadh coinbhleacht leasa ann mar gheall ar ghníomhaíochtaí bróicéireachta réadmhaoine agus bainistíochta réadmhaoine a chomhcheangal, ní mór a mheas go mbaineann siad le substaint na ceiste a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú seachas lena hinghlacthacht (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *Lietuvos notarų rūmai agus páirtithe eile*, C-128/21, EU:C:2024:49, mír 43).

51 A mhéid a bhaineann le maíomh na hÉireann go dtéann an tríú ceist thar raon feidhme na saincheisteanna a thagann chun cinn sna príomhimeachtaí, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, gur faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, agus faoin gcúirt sin amháin, atá sé a chinneadh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú chun go mbeidh sí in ann breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaineann na ceisteanna a chuirtear le léiriú nó le bailíocht rialach de chuid dhlí an Aontais Eorpaigh, dlitear ar an gCúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Dá réir sin, baineann toimhde ábharthachta le ceisteanna a tharchuireann cúirteanna náisiúnta le haghaidh réamhrialú. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Cofidis*, C-340/22, EU:C:2023:1019, mír 18).

52 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2024, *Direktor na Glavna direktsia 'Natsionalna politsia' pri MVR – Sofia*, C-118/22, EU:C:2024:97, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní éireoidh le hargóintí na hÉireann maidir le do-ghlacthacht an tríú ceist.

54 Is léir ó na breithnithe go léir roimhe seo nach mór a mheas go bhfuil an dara agus an tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha ach amháin a mhéid a bhaineann siad le léiriú Airteagal 49 CFAE agus Airteagal 59(3) de Threoir 2005/36.

Substaint an cháis

55 Mar réamhphointe, ní mór a chinneadh an bhfuil feidhm ag Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123 maidir le staid intíre amháin amhail an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí.

56 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoin gcéad fhomhír den fhoráil sin, nach mór do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear soláthraithe faoi réir ceanglais lena gcuirfear d'oibleagáid orthu gníomhaíocht shonrach áirithe a fheidhmiú go heisiach nó lena gcuirfear srian ar fheidhmiú na gníomhaíochta in éineacht le gníomhaíochtaí difriúla nó i gcomhpháirtíocht le gníomhaíochtaí difriúla. Luaitear sa dara fomhír den fhoráil sin go bhféadfar na soláthraithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a chur faoi réir na gceanglas sin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna pointí sin.

57 Le hAirteagal 25(1) de Threoir 2006/123, ní thagraítear go soiléir d'eilimint trasteorann agus ní leagtar síos aon choinníoll a bhaineann le heilimint den sórt sin a bheith ann.

58 Mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, ní cheanglaítear le cur i bhfeidhm na forála sin go mbeadh gné idirnáisiúnta, ós rud é go soláthraíonn na bearta atá inti bonn coiteann chun saorghluaiseacht seirbhísí a éascú chun cáilíocht seirbhísí níos fearr a áirithiú, cibé acu a sholáthraíonn soláthraithe a sheirbhísí go heisiach i gcríoch a Bhallstáit nó i mBallstáit eile freisin.

59 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, mar is léir ó Airteagal 1(1) de Threoir 2006/123, arna léamh in éineacht le haithrisí 2 agus 5 di, go leagtar síos leis an Treoir sin forálacha ginearálta arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le srianta ar an tsaoirse bunaíochta do sholáthraithe seirbhíse sna Ballstáit agus ar shaorghluaiseacht seirbhísí idir na Ballstáit, chun rannchuidiú le margadh inmheánach atá saor agus iomaíoch a chur i gcrích. Má tá an margadh inmheánach i seirbhísí a chomhlánú ina iomláine, áfach, lena gceanglaítear, thar aon ní eile, deireadh a chur le bacainní a dtagann soláthraithe orthu agus iad ag teacht chun bheith bunaithe sna Ballstáit, bíodh sin ina mBallstát féin nó i mBallstát eile, agus ar bacainní iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá gcumas seirbhísí a sholáthar d'fhaighteoirí atá lonnaithe ar fud an Aontais Eorpaigh (breithiúnas an 30 Eanáir 2018, *X agus Visser*, C-360/15 agus C-31/16, EU:C:2018:44, míreanna 104 agus 105 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Chun fíormhargadh inmheánach seirbhísí a bhunú, tá an cur chuige a ghlac reachtas an Aontais i dTreoir 2006/123 bunaithe, mar a leagtar amach in aithris 7 de, ar chreat dlíthiúil ginearálta atá comhdhéanta de mheascán de bhearta éagsúla atá ceaptha chun ardleibhéal comhtháthaithe dhlíthiúil laistigh den Aontas Eorpach a áirithiú. Dá bhrí sin, chun a áirithiú nach mbainfear an bonn de *effet utile* an chreata dhlíthiúil shonraigh a raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais a bhunú agus Treoir 2006/123 á glacadh aige, ní mór glacadh leis go bhféadfar raon feidhme na Treorach sin a leathnú, i gcásanna áirithe, thar an méid a leagtar síos go docht i bhforálacha Chonradh FAE maidir le saoirse bunaíochta agus saorghluaiseacht seirbhísí (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2018, *X agus Visser*, C-360/15 agus C-31/16, EU:C:2018:44, míreanna 106 agus 107 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Dá bhrí sin, ós rud é go bhféadfadh feidhm a bheith ag Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123 maidir le cás ina bhfuil na heilimintí ábhartha go léir teoranta laistigh d'aon Bhallstát amháin, is i bhfianaise na forála sin nach mór freagra a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur.

62 Mar a cuireadh in iúl i mír 56 den bhreithiúnas seo, faoin gcéad fhomhír den fhoráil sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear soláthraithe seirbhísí faoi réir ceanglais lena gcuirfear d'oibleagáid orthu gníomhaíocht shonrach áirithe a fheidhmiú go heisiach nó lena gcuirfear srian ar fheidhmiú na gníomhaíochta in éineacht le gníomhaíochtaí difriúla nó i gcomhpháirtíocht le gníomhaíochtaí difriúla.

63 Mar sin féin, luaitear sa dara fomhír d'Airteagal 25(1) den Treoir sin go bhféadfar na soláthraithe a chumhdaítear le pointí (a) agus (b) den fhoráil sin a chur faoi réir na gceanglas sin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach iontu.

64 Sa chás seo, mar is léir ón ordú tarchuir, léirítear agus cuirtear i bhfeidhm Airteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89 mar thoirmeasc ar fheidhmiú comhpháirteach gníomhaíochtaí bróicéireachta réadmhaoine agus bainistíochta réadmhaoine, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar iad i ndáil leis an maoin chéanna, i gcás inar gníomhaíochtaí fiontraíochta iad.

65 Dá bhrí sin, cuirtear na soláthraithe sin faoi réir ceanglais amhail na ceanglais a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123 le hAirteagal 5(3) de Dhlí Uimh. 39/89.

66 Is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí na ceanglais sin a cheadú, sa chás seo, ar bhonn phointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 25(1) den Treoir sin.

67 Cé gur faoin gcúirt náisiúnta amháin atá sé, i ndeireadh na dála, measúnú a dhéanamh ar na fíorais agus an reachtaíocht náisiúnta a léirmhíniú, a chinneadh an gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta na coinníollacha dá bhforáiltear i bpointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123, féadfaidh an Chúirt, i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú, treoir a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, ar bhonn na ndoiciméad a bhaineann leis na príomhimeachtaí agus na mbarúlacha i scríbhinn agus ó bhéal a cuireadh faoina bráid, chun a chur ar chumas na cúirte sin an díospóid atá os a comhair a réiteach (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2023, *PrivatBank agus páirtithe eile*, C-78/21, EU:C:2023:137, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gur gairm rialáilte san Iodáil í gníomhaíocht na bróicéireachta. Foráiltear le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123 nach gceadaítear ceanglais a bhaineann leis na gairmeacha rialáilte ach amháin a mhéid atá údar leo chun a ráthú go gcomhlíonfar na rialacha lena rialaítear eitic ghairmiúil agus iompar gairmiúil, ar rialacha iad atá éagsúil de réir chineál sonrach gach gairme, agus atá riachtanach chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na ngairmeacha sin a áirithiú.

69 I ndáil leis sin, bhí Rialtas na hIodáile ag brath ar na cuspóirí maidir le cosaint tomhaltóirí agus caomhnú neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbróicéirí maoine, agus tá an dara cuspóir sin fite fuaite le coinbhleachtaí leasa a chosc.

70 Measann an Rialtas sin, gan toirmeasc ar ghníomhaíochtaí a fheidhmiú i gcomhcheangal, amhail an toirmeasc atá i gceist sna príomhimeachtaí, go mbeadh baol ann go dtabharfaí tús áite go míchuí d'úinéirí réadmhaoine a bhfeidhmíonn duine aonair ról mar ghníomhaire bainistíochta agus mar bhróicéir réadmhaoine ar a son. D'fhéadfadh bróicéir réadmhaoine den sórt sin nach bhfuil faoi réir an toirmisc atá i gceist ceannaitheoirí féideartha a threorú i dtreo na réadmhaoine atá á bainistiú aige nó aici go pearsanta.

71 Ina theannta sin, áitíonn Rialtas na hIodáile nach féidir an cúram a chur ar chomhlachais tráchtála, tionscail, cheardaíochta agus talmhaíochta chun a fháil amach nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann i ngach idirbheart.

72 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Airteagal 25 de Threoir 2006/123, lena n-áirítear na coinníollacha a bhfuil na ceanglais dá dtagraítear ann faoina réir, mar chuid de Chaibidil V den Treoir sin, dar teideal 'Cáilíocht seirbhísí'. Rialaigh an Chúirt go bhféachann an chaibidil sin, go ginearálta, le leasanna tomhaltóirí a chosaint trí cháilíocht sheirbhísí na ngairmeacha rialáilte sa mhargadh inmheánach a fheabhsú (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Aibreán 2011, *Société fiduciaire nationale d'expertise comptable*, C-119/09, EU:C:2011:208, mír 28).

73 Thairis sin, léirítear an cuspóir sin in aithris 101 den Treoir sin, ar dá réir gur gá a áirithiú gur féidir le soláthraithe seirbhísí ildisciplíneacha a thairiscint agus go mbeidh srianta i dtaca leis sin teoranta don mhéid atá riachtanach chun neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus ionracas na ngairmeacha rialáilte a áirithiú, agus is ar mhaithe le faighteoirí, go háirithe tomhaltóirí, é sin.

74 Chun cosaint tomhaltóirí a ráthú, féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na ngairmeacha rialáilte a áirithiú, i gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123.

75 Sa chás seo, ós rud é nach mór do bhróicéir réadmhaoine a bheith ina thríú páirtí i ndáil leis na páirtithe in idirbheart réadmhaoine, is léir go bhféadfaí a mheas, i bprionsabal, go bhfuil an toirmeasc ar fheidhmiú comhpháirteach gníomhaíochtaí bróicéireachta réadmhaoine agus bainistíochta maoine, sa mhéid is go bhféachann sé le baol coinbhleachta leasa a sheachaint, iomchuí chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gairme rialáilte atá i gceist a áirithiú, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhionnadh.

76 Ós amhlaidh atá, níor cheart go rachadh toirmeasc ginearálta ar fheidhmiú comhpháirteach ghníomhaíocht na bróicéireachta réadmhaoine agus na bainistíochta réadmhaoine, amhail an toirmeasc atá i gceist sna príomhimeachtaí, thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart a fhiosrú an bhféadfadh bearta eile nach bhfuil chomh sriantach, lena mbaintear amach an toradh céanna, a chur in ionad na gceanglas sin.

77 Sa chás seo, mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn, go háirithe i gcás ina saothraítear gníomhaíochtaí bróicéireachta réadmhaoine agus bainistíochta réadmhaoine i leith na réadmhaoine céanna nó réadmhaoine inchomparáide, ní gá go mbeadh riosca den sórt sin ann i ngach imthoisc, agus mar thoradh air sin ní féidir a thoimhdiú gurb ann do choinbhleacht leasa den sórt sin.

78 Thairis sin, dealraíonn sé nach é an toirmeasc atá i gceist an t-aon bheart amháin lenar féidir neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gairme rialáilte atá i gceist a áirithiú. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 66 dá Thuairim, agus mar a chuir an Coimisiún agus Tecno*37 isteach ina mbarúlacha i scríbhinn, d'fhéadfadh bearta nach bhfuil chomh sriantach céanna ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ná toirmeasc ginearálta ar chomhfheidhmiú an dá ghníomhaíocht, amhail toirmeasc ar chomhfheidhmiú gníomhaíochtaí atá srianta don staid ina bhfuil an mhaoin chéanna i gceist, agus/nó oibleagáidí sonracha trédhearcachta agus faisnéise a bhaineann leis an gcomhchleachtadh sin, in éineacht le hathbhreithniú *ex post* ag na dlísheomraí gairmiúla inniúla, an neamhspleáchas agus an neamhchlaontacht sin a áirithiú.

79 Ar deireadh, ní mór a mheas nach dosháraithe iad na deacrachtaí praiticiúla a tharraing Rialtas na hIodáile anuas i ndáil le cur chun feidhme beart malartach ar an toirmeasc ginearálta ar fheidhmiú comhpháirteach ghníomhaíocht na bróicéireachta réadmhaoine agus na bainistíochta réadmhaoine, agus, go háirithe, nach féidir a fhíorú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa i ngach idirbheart nuair a dhéantar na gníomhaíochtaí sin i leith na réadmhaoine céanna. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá aire i mír 65 dá Thuairim, d'fhéadfaí a áireamh le gníomhais díolacháin, mar shampla, dearbhuithe sainráite nach gcomhlíonann an gníomhaire eastáit, ag gníomhú dó mar bhróicéir réadmhaoine, ag an am céanna ról bainisteora na réadmhaoine úinéireachta comhroinnte ar cuid di an foirgneamh a fuarthas.

80 In aon chás, chinn an Chúirt nach féidir le deacrachtaí praiticiúla den sórt sin údar a thabhairt le mainneachtain oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2020, *an Coimisiún* v *an Bheilg (Cuntasóirí)*, C-384/18, EU:C:2020:124, mír 58).

81 Dá bhrí sin, agus faoi réir na seiceálacha atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, dealraíonn sé go dtéann toirmeasc ginearálta ar ghníomhaíocht na bróicéireachta réadmhaoine agus gníomhaíocht an bhainisteora réadmhaoine, amhail an ghníomhaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir atá á shaothrú aici a bhaint amach.

82 Sna himthosca sin, is é an freagra ar an dara ceist agus ar an tríú ceist nach mór Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, mar riail ghinearálta, go bhfuil saothrú gníomhaíochta bróicéireachta réadmhaoine agus gníomhaíochta bainistíochta réadmhaoine neamh-chomhoiriúnach.

Costais

83 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 258 CFAE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní hionann dúnadh nós imeachta sáraithe ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Ballstáit agus an reachtaíocht náisiúnta ab ábhar don nós imeachta sin a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais.

2. Maidir le hAirteagal 25(1) de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, mar riail ghinearálta, go bhfuil saothrú gníomhaíochta bróicéireachta réadmhaoine agus gníomhaíochta bainistíochta réadmhaoine neamh-chomhoiriúnach.

Sínithe